Oifig an Ard-Aighne

Tuarascáil Bhliantúil
2018

Ina gcuimsítear an Dara Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le Cur i bhFeidhm
an Ráitis Straitéise don tréimhse 2016-2019

Clár

Brollach ón Ard-Aighne

Réamhrá leis an Ard-Stiúrthóir

Cuid 1: An Oifig

- Ról na nAbhcóidí Comhairleacha
- Ról Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtais
- Ról Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit
- Dlíodóirí ar Iasacht
- An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí
- Tuilleadh Eolais

Cuid 2: Baint Amach Spriocanna Ardleibhéil an Ráitis Straitéise

Sprioc Ardleibhéil 1: Sainseirbhís chomhairleach dlí a sholáthar don Rialtas agus do Ranna agus Oifigí cliaint

- Samplaí de Sheirbhísí Comhairleacha a chuir an Oifig ar fáil sa bhliain 2018
- Tuairisciú ar Sprioc Ardleibhéil 1 de chuid an Ráitis Straitéise

Sprioc Ardleibhéil 2: Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas (ODP): Sainseirbhís dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar don Rialtas

- Samplaí de reachtaíocht a dhréachtaigh ODP sa bhliain 2018
- Tuairisciú ar Sprioc Ardleibhéil 2 de chuid an Ráitis Straitéise

Sprioc Ardleibhéil 3: Seirbhís dlíthíochta a sholáthar lena seachadtar torthaí optamacha dár Ranna agus dár nOifigí cliaint

- Samplaí de sheirbhísí dlíthíochta a chuir an Oifig ar fáil sa bhliain 2018
- Tuairisciú ar Sprioc Ardleibhéil 3 de chuid an Ráitis Straitéise

Sprioc Ardleibhéil 4: Seirbhís dlí réiteach-bhunaithe a sholáthar faoi cheannas Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (OPAS) mar thacaíocht i leith chuspóirí idirbheartaíochta agus gnó ár Ranna cliaint a chur i bhfeidhm

- Samplaí de sheirbhísí idirbheartaíochta a chuir an Oifig ar fáil sa bhliain 2018: Rannán Maoine OPAS
- Samplaí de sheirbhísí idirbheartaíochta a chuir an Oifig ar fáil sa bhliain 2018: Rannóg Conarthaí Tráchtála OPAS
- Tuairisciú ar Sprioc Ardleibhéil 4 de chuid an Ráitis Straitéise

Sprioc Ardleibhéil 5: Tacú le hardleibhéil saineolais, inniúlachta, eolas cothrom le dáta ar an dlí agus scileanna cumarsáide éifeachtacha a fhorbairt, laistigh de thimpeallacht eolas-bhunaithe

- Tuairisciú ar Sprioc Ardleibhéil 5 de chuid an Ráitis Straitéise

Sprioc Ardleibhéil 6: Cleachtadh dlí de chineál nua-aimseartha agus gairmiúil agus seirbhísí corparáideacha agus bainistíochta gnó a sholáthar mar thacaíocht don Oifig le linn an caighdeán seirbhíse is airde a sholáthar

- Tuairisciú ar Sprioc Ardleibhéil 6 de chuid an Ráitis Straitéise

Cuid 3: Iarscríbhinní

- Iarscríbhinn A: Billí Rialtais a foilsíodh sa bhliain 2018
- Iarscríbhinn B: Billí Rialtais a achtaíodh sa bhliain 2018
- Iarscríbhinn C: Billí Comhaltaí Príobháideacha a achtaíodh sa bhliain 2018
- Iarscríbhinn D: Oifig an Ard-Aighne
    - Vóta 3: Oifig Shráid Mhuirfean
    - Vóta 6: Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit
- Iarscríbhinn E: Ráitis agus Tuarascálacha i leith cleachtais íocaíochta
- Iarscríbhinn F: Miondealú Foirne

Brollach ón Ard-Aighne

Fáiltím roimh Thuarascáil Bhliantúil 2018 d'Oifig an Ard-Aighne (ina n-áirítear Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit), ar tuarascáil í ina leagtar amach mionsonraí faoi obair shuntasach a rinne an Oifig i ndáil lena cuid spriocanna straitéiseacha agus cuspóirí don bhliain a bhaint amach.

Dála blianta eile, bhí éileamh suntasach san Oifig ar sheirbhísí dlí sa bhliain 2018 óna cuid cliant - an Rialtas, Ranna agus Oifigí. Déileáladh go héifeachtach leis an éileamh sin a bhain le raon cuimsitheach ábhar trí chomhairle dlí, dréachtú reachtaíochta agus seirbhísí dlíthíochta a sholáthar. Tá na seirbhísí sin ríthábhachtach i dtaca le hobair an Rialtais agus tugtar tacaíocht do chliaint na hOifige leo thar raon an-leathan réimsí.

I measc na nithe suntasacha ar ina leith a thug an Oifig tacaíocht agus seirbhísí dlí do chliaint sa bhliain 2018, áiríodh an méid seo a leanas:

- Seirbhísí dlí a sholáthar maidir le saincheisteanna dlí éagsúla a bhain leis an mBreatimeacht;
- Seirbhísí dlí a sholáthar i ndáil leis an Séú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht agus i ndáil leis an reachtaíocht a bhain leis an ábhar sin;
- Seirbhísí dlí a sholáthar i ndáil le saincheisteanna a bhain le Cosaint Sonraí;
- Seirbhísí dlíthíochta agus seirbhísí comhairleacha i ndáil le nithe casta a bhain le cúrsaí tearmainn agus inimirce, i ndáil le cúrsaí cánach agus i ndáil le rialáil an chomhshaoil;
- Reachtaíocht chasta mhionsonraithe a dhréachtú.

Tá súil agam go mbeidh an t-eolas atá sa tuarascáil seo úsáideach duit. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun mo bhuíochas a chur in iúl do gach duine atá ag obair in Oifig an Ard-Aighne agus in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit as a dtiomantas agus as a ndíograis leanúnach lena chinntiú go soláthraítear an caighdeán is airde agus is féidir i rith na bliana i dtaca le seirbhísí dlí de.

_____

Seamus Woulfe AS
Ard-Aighne

Réamhrá leis an Ard-Stiúrthóir

A Ard-Aighne,

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil Oifig an Ard-Aighne don bhliain 2018 a chur i láthair, ar tuarascáil í ina dtugtar deis dúinn machnamh a dhéanamh ar an méid a bhaineamar amach i rith na bliana sin agus chun tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn a rinneadh i gcomparáid le cuspóirí na hOifige.

Déantar spriocanna uileghabhálacha na hOifige agus na príomhchuspóirí a bhaineann le baint amach na spriocanna sin a leagan amach sa Ráiteas Straitéise. Leis an Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997, ceanglaítear tuarascáil a bhaineann leis an dul chun cinn ar chomhlíonadh na gcuspóirí atá leagtha amach sa ráiteas straitéise a thíolacadh gach bliain don Ard-Aighne.

Ba bhliain dhúshlánach í an bhliain 2018 ar roinnt bealaí, mar shampla, tabhairt isteach an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus nithe a bhain leis an mBreatimeacht. Chuaigh an Oifig i ngleic leis na dúshláin sin agus lean sí de sheirbhísí ardchaighdeáin dlí a sholáthar dár gcliaint agus aird á tabhairt againn ar na caighdeáin ghairmiúla agus seirbhíse poiblí is airde. Mar thoradh ar chlár iasachta an-rathúil na hOifige, bhí 30 duine den fhoireann dlí ar iasacht chuig poist in Éirinn agus thar lear sa bhliain 2018.

Lean Abhcóidí Comhairleacha de chomhairle dhlí a sholáthar thar raon leathan saincheisteanna a bhí casta go minic i gcomhthéacsanna a bhí bunaithe ar dhlí AE, ar dhlí bunreachtúil, ar dhlí idirnáisiúnta agus ar dhlí intíre.

I rith na bliana 2018, chuir Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte clár suntasach oibre dréachtaithe reachtaíochta i gcrích lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Foilsíodh 46 mBille Rialtais
- Achtaíodh 39 mBille Rialtais
- Dréachtaíodh 204 Ionstraim Reachtúil agus tarchuireadh chuig Ranna iad (agus bhain 42 cinn díobh le trasuí beart de chuid an Aontais Eorpaigh).

Lean Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit de sheirbhísí speisialaithe ardchaighdeáin aturnae a sholáthar, ar seirbhísí iad inar áiríodh nithe a bhain le dlíthíocht, le cúrsaí maoine, le conarthaí Rialtais agus le nithe eile maidir le hidirbheartaíocht.

Tá scóip agus réimsí ábhair na nithe ar dhéileáil an Oifig leo an-leathan agus an-chasta. Clúdaíonn siad gach gné de ghnó agus de bheartas an Rialtais. Tá athrú ag teacht de shíor ar chuid mhór de na réimsí sin agus d'fhéadfadh nithe íogaire, amhail cúram sláinte agus ceartas coiriúil, a bheith i gceist leo. Tagann an creat dlí ina n-oibríonn an Oifig faoi réir a athraithe ar bhonn leanúnach agus is creat é a chruthaíonn timpeallacht oibríochtúil ar minic práinn a bheith ina saintréith dá cuid.

Mar fhocal scoir, is mian liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann go léir in Oifig Shráid Mhuirfean agus in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit as a dtiomantas leanúnach agus as a gcuid oibre crua. Is a bhuí leo siúd gur féidir linn ár misean a chur i gcrích - an caighdeán is airde seirbhísí gairmiúla dlí a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun fáilte a chur roimh June Reardon a ceapadh mar Phríomh-Dhréachtóir Parlaiminte sa bhliain 2018. Ina theannta sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an iar-Phríomh-Dhréachtóir Parlaiminte, Paul Linehan.

_____

Damien Ó Maoldomhnaigh
Ard-Stiúrthóir

Cuid 1: An Oifig

Is é an tArd-Aighne an comhairleoir dlí don Rialtas, de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 30 den Bhunreacht. Is é Seamus Woulfe AS an tArd-Aighne reatha. Cuidíonn an Oifig (ina gcuimsítear trí chuid - Abhcóidí Comhairleacha an Ard-Aighne agus Oifig Dhréachtóirí Parlaiminte an Rialtais (“an OAA”) agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (“an OPAS”)) - leis an Ard-Aighne i ndáil le comhairle dlí a sholáthar don Rialtas, lena n-áirítear comhairle d’Airí, do Ranna agus do chomhlachtaí poiblí áirithe eile; reachtaíocht a dhréachtú; feidhmiú thar ceann an Stáit i ndáil le dlíthíocht agus roinnt feidhmeanna eile, go háirithe feidhmeanna reachtúla.

Is é misean na hOifige an caighdeán is airde seirbhísí gairmiúla dlí a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí ar bhonn chomh tíosach agus chomh héifeachtach agus is féidir, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do chomhlíonadh riail an dlí.

Tá OAA suite i dTithe an Rialtais ar Shráid Mhuirfean, Baile Átha Cliath, áit a bhfuil líon foirne tuairim is 130 duine lonnaithe. I measc na mball foirne, áirítear Abhcóidí Comhairleacha, Dréachtóirí Parlaiminte, foireann riaracháin agus tacaíochta agus foireann Leabharlainne agus Fios Gnó. Tá Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit suite ar Shráid na gCaorach agus ar Lána na Seansaireachta agus tá foireann 256 ann ina gcuimsítear dlíodóirí agus feidhmeannaigh dhlí chomh maith le foireann Leabharlainne agus Fios Gnó agus foireann riaracháin.

Is é an tArd-Stiúrthóir, Damien Ó Maoldomhnaigh, ceann riaracháin na hOifige. Ina theannta sin, tá seisean i gceannas ar na hAbhcóidí Comhairleacha ar thaobh na comhairle dlí den Oifig. Is í June Reardon (a ceapadh i mBealtaine 2018 chun ionad Paul Linehan a ghlacadh) an Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte agus is í Maria Browne an Príomh-Aturnae Stáit. Is é an tArd-Stiúrthóir an t-oifigeach cuntasaíochta d’Oifig Shráid Mhuirfean agus is é an Príomh-Aturnae Stáit an t-oifigeach cuntasaíochta d’Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

Is é an tArd-Aighne príomh-oifigeach dlí an Stáit agus is í Oifig an Ard-Aighne príomh-oifig dhlí an Stáit. Léiríonn raon na hoibre san Oifig scóip iomlán ghnó agus bheartas an Rialtais, lena n-áirítear imeachtaí gan choinne óna n-eascraíonn iarrataí ar chomhairle dhlí, dréachtú reachtaíochta príomha nó tánaistí agus cosaint a dhéanamh in imeachtaí cúirte. Déileáiltear le saincheisteanna dlí i réimsí mórchonspóide agus i réimsí íogaire

amhail dlí AE, inimirce, oideachas, cúram sláinte, cosaint sonraí agus ceartas coiriúil, gan trácht ar nithe eile. Ina theannta sin, soláthraíonn an Oifig comhairle dlí thráchtála agus seirbhísí idirbheartaíochta dlí don Rialtas, Ranna agus Oifigí sna réimsí a bhaineann le soláthar poiblí, conarthaí, Státchabhair, maoin an Stáit agus saincheisteanna a bhaineann le maoin intleachtúil. Tugann sí comhairle freisin maidir le cuid mhór gnéithe de dhlí fostaíochta an Stáit e.g. ceapacháin, araíonacht agus pinsin.

Soláthraíonn an Oifig seirbhís ghairmiúil ardchaighdeáin dá cliaint seirbhíse poiblí. Tá tuiscint fhíormhaith aici ar an tseirbhís phoiblí, ar chúrsaí Rialtais agus ar an bpróiseas reachtach mar aon le hardleibhéal cuimhne corparáidí agus fios gnó. Díorthaíonn neamhspleáchas na hOifige ó ról bunreachtúil an Ard-Aighne, ó chultúr na hOifige agus ó chineál láraithe sheirbhís dlí an Rialtais. Díorthaíonn sineirgí agus éifeachtúlachtaí ó ról lárnach na hOifige go háirithe nuair a bhíonn gá le cur chuige uile-Rialtais.

De bharr chineál dinimiciúil na hoibre, agus athruithe leanúnacha ag tarlú i ndlí na hÉireann, i ndlí Eorpach agus i ndlí idirnáisiúnta, mar aon le hathruithe leanúnacha ar imthosca agus ar riachtanais, tá gá le hOifig fhreagrúil agus le comhlíonadh na gcaighdeán is airde i dtaca le seirbhís ghairmiúil agus seirbhís phoiblí de.

Ról na nAbhcóidí Comhairleacha

Is é príomhdhualgas na nAbhcóidí Comhairleacha cúnamh a thabhairt don Ard-Aighne i ndáil lena chuid feidhmeanna, cumhachtaí agus dualgas a chur chun feidhme. Tá raon na n-ábhar a bhíonn i gceist chomh leathan le sainchúram an Rialtais, ach is féidir na gníomhaíochtaí a rangú i dtrí chatagóir tríd is tríd:

- comhairle dlí a sholáthar,
- dlíthíocht a stiúradh, agus
- comhairle dlí maidir le seirbhís dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar don Rialtas.

Tá na hAbhcóidí Comhairleacha roinnte ina 5 ghrúpa speisialaithe agus oibríonn siad go dlúth le dlíodóirí in Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas i ndáil le comhairle a thabhairt faoi shaincheisteanna dlí i leith dréachtú reachtaíochta agus in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit i ndáil le comhairle a thabhairt maidir le dlíthíocht a sheoladh agus maidir le nithe eile a bhaineann le comhairle dlí. Ina theannta sin, oibríonn Abhcóidí Comhairleacha go dlúth le habhcóidí seachtracha nuair is gá.

Baineann tábhacht ar leith leis an gcúnamh a sholáthraítear don Ard-Aighne roimh

chruinnithe an Rialtais e.g. comhairle a thabhairt i dtaobh an gcomhlíonann cinneadh Rialtais beartaithe nó scéim reachtach de chuid an Rialtais forálacha na Bunreachta, reachtaíocht, Conarthaí agus dlí an Aontais Eorpaigh, an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine nó conarthaí idirnáisiúnta eile ar aontaigh Éire dóibh.

Ról Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtais

Déanann Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas (“an ODP”) seirbhís ghairmiúil dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar don Rialtas.

Déanann dlíodóirí speisialachais an ODP, ar a dtugtar Dréachtóirí Parlaiminte, reachtaíocht phríomha (Billí Rialtais) agus reachtaíocht thánaisteach (ionstraimí reachtúla, lena n-áirítear rialacháin agus orduithe Rialtais) a mbaineann cineálacha éagsúla castachta agus práinne a dhréachtú d’fhonn beartas an Rialtais a léiriú agus chun reachtaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh a thrasuí i ndlí na hÉireann.

Tá freagracht ar ODP freisin i ndáil le leasuithe Rialtais ar Bhillí (lena n-áirítear Billí Comhaltaí Príobháideacha) ag Céim an Choiste agus ag Céim na Tuarascála le linn Bille a bheith á phlé i dTithe an Oireachtais.

Mar thoradh ar obair an ODP, cumasaítear don Rialtas a Chlár Reachtaíochta a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach tráthúil agus déanann an ODP idirchaidreamh dlúth le Coiste Reachtaíochta an Rialtais maidir le Billí a dtugann an Rialtas tús áite dóibh.

Tá an Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte i gceannas ar an ODP agus, sa bhliain 2018, roinneadh an oifig ina 4 ghrúpa dréachtaithe. Rinneadh dréachtú Billí agus ionstraimí reachtúla do 17 Roinn Rialtais a roinnt i measc na ngrúpaí dréachtaithe, agus gach grúpa ag plé le roinnt Ranna sonraithe.

Faigheann na Dréachtóirí Parlaiminte ardleibhéal oiliúna maidir leis an disciplín dréachtaithe reachtaíochta agus, chomh maith le léiriú a thabhairt ar bheartas an Rialtais, ní foláir go mbeidh an reachtaíocht sin slán ó thaobh an Bhunreachta de, go dtugtar aird inti ar an gcóras dlí i gcoitinne agus go mbeidh sí soiléir agus éifeachtach.

Ról Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Baineann obair an OPAS go príomha le seirbhísí dlí a sholáthar don Ard-Aighne agus do Ranna agus d’Oifigí Rialtais i gcásanna dlí shibhialta. Mar gheall ar chúram leathan ghnó sibhialta OPAS, bíonn an fhoireann rannpháirteach i gcuid mhór gnéithe d’obair dlí lena n-áirítear raon leathan dlíthíochta sibhialta sna cúirteanna uile (lena n-áirítear Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i Lucsamburg) agus, chomh maith leis sin, i soláthar seirbhísí tíolacais, seirbhísí dlí maoine, seirbhísí dlí conartha, seirbhísí soláthair phoiblí

agus comhairle maidir le státchabhair agus seirbhísí comhairleacha ginearálta do raon cliant na státseirbhíse. Ina theannta sin, soláthraíonn OPAS seirbhísí dlí do Ranna agus d'Oifigí an Rialtais os comhair Binsí Fiosrúcháin, Coimisiún Imscrúdaithe agus fiosrúcháin reachtúla eile.

Dlíodóirí ar Iasacht

Leanadh d'Abhcóidí Comhairleacha a iasachtú chuig Ranna Rialtais mar Chomhairleoirí Dlí, rud ar cuireadh tús leis i mBealtaine 2006. Ag deireadh na bliana 2018, bhí 24 bhall foirne ar iasacht i 14 Roinn. Ina theannta sin, bhí beirt Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht i mBuanionadaíocht an Aontais Eorpaigh agus bhí abhcóide amháin ar iasacht i bParlaimint an Aontais Eorpaigh. Chomh maith leis sin, bhí beirt Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht mar Shaineolaithe Náisiúnta in institiúidí de chuid an Aontais Eorpaigh.

Tugadh ceathrar Aturnaetha Stáit ar iasacht chun bheith ag obair ar son Coimisiúin Fiosrúcháin agus Binse Fiosrúcháin sa bhliain 2018 agus bhí beirt bhall eile de chuid na foirne ar iasacht i Ranna Rialtais. I rith na bliana, rinneadh Aturnae Stáit de chuid OPAS a ainmniú le haghaidh chlár an Choimisiúin Eorpaigh maidir le hOiliúint Ghairmiúil do Shaineolaithe Náisiúnta.

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Déantar an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí a mhaoiniú go hiomláin ó vóta Oifig an Ard-Aighne (OAA).[*] Is comhlacht reachtúil é a bunaíodh faoin Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975. Is é an ról atá aige an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú neamhspleách, oibiachtúil agus saineolach, moltaí a dhéanamh dá réir sin maidir le hathchóiriú an dlí, agus an dlí atá ann faoi láthair a dhéanamh inrochtana do chách. Déantar clár an Choimisiúin a chur i gcrích go príomha faoi chlár athchóirithe an dlí a cheadaíonn an Rialtas agus a leagtar faoi bhráid Thithe an Oireachtais. Ina theannta sin, oibríonn an Coimisiún ar nithe sonracha a ndéanann an tArd-Aighne a tharchur chuige faoi Acht 1975.

Tuilleadh eolais

Chun tuilleadh mionsonraí a fháil maidir le hOifig an Ard-Aighne agus maidir le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit, tabhair cuairt, le do thoil, ar ár láithreáin gréasáin ag www.attorneygeneral.ie agus ag www.csso.ie.

[*] Airgead le haghaidh seirbhísí na hOifige a vótáiltear sa Dáil ar bhonn bliantúil.

Cuid 2: Baint Amach Spriocanna Ardleibhéil an Ráitis Straitéise*

Sprioc Ardleibhéil 1: Sainseirbhís chomhairleach dlí a sholáthar don Rialtas agus do Ranna agus Oifigí cliaint

Samplaí de Sheirbhísí Comhairleacha a chuir an Oifig ar fáil sa bhliain 2018

- Nithe a bhaineann le tearmann, le hinimirce agus le saoránacht, lena n-áirítear breithiúnais a thug cúirteanna na hÉireann agus Cúirt bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.
- Cosaint Sonraí: an reachtaíocht a léiriú.
- Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann agus an tAcht um Cheartas Coiriúil (Fianaise Dlí-Eolaíochta agus Córas Bunachair Sonraí DNA), 2014
- Saincheisteanna dlí a éiríonn as an nBille Sláinte (FoirceannadhToirchis a Rialáil) 2018.
- Léiriú an Achta um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012
- An Breatimeacht - comhairle dlí i ndáil le raon leathan saincheisteanna dlí a bhí tagtha chun cinn.
- An Bille um Chomhairle na mBreithiúna (a achtaíodh sa bhliain 2019), an Bille fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha 2017 agus rannpháirtíocht sa Ghrúpa Athbhreithnithe ar Riaradh an Cheartais Shibhialta.

Tuairisciú ar Sprioc Ardleibhéil 1 de chuid an Ráitis Straitéise

1.1 *Cuidiú leis an Ard-Aighne a ról bunreachtúil a chomhlíonadh*

- Sholáthair Abhcóidí Comhairleacha comhairle dlí agus cúnamh dlí don Ard-Aighne ar bhealach tráthúil maidir le cruinnithe de chuid an Rialtais ar fhreastail sé orthu, maidir lena chomhairle don Rialtas agus d'Airí Rialtais agus maidir le comhlíonadh a chuid feidhmeanna i gcoitinne.

* Mar atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise 2016-2019

- Sholáthair Dréachtóirí Parlaiminte faisnéis don Ard-Aighne maidir le dul chun cinn agus sholáthair siad comhairle dlí le linn an phróisis dréachtaithe go háirithe roimh chruinnithe de chuid an Rialtais agus Choiste Reachtaíochta an Rialtais.

1.2 *Cumarsáid struchtúraithe rialta le Ranna agus le hOifigí cliaint*

- Bhí cruinnithe ag na trí chuid den Oifig go tráthrialta le príomhchliaint (de bhreis ar na comhairliúcháin agus ar na cruinnithe i dtaca le saincheisteanna ar leith) e.g. maidir le hEiseachadadh/Barántas Gabhála Eorpach, Tearmann agus Inimirce agus maidir leis an nGrúpa Comhordúcháin Mhuirí. Ina theannta sin, ghlac an Oifig páirt sna Grúpaí iomchuí Idir-Roinne agus Oifigeach Sinsearach a bhí ag plé leis an mBreatimeacht.
- Mar thoradh ar obair meithleacha trasghrúpa Abhcóidí Comhairleacha ina raibh an raon riachtanach saineolais, cinntíodh go raibh seirbhís chomhairle dlí ardchaighdeáin ann i gcomhair mórthionscadal amhail an Breatimeacht agus an t-imscrúdú agus dí-adhlacadh atá beartaithe a dhéanamh i ndáil le hÁras Mháithreacha agus Naíonáin Thuama.
- Athbhreithníodh agus feabhsaíodh próisis oifige e.g. i réimsí áirithe de chuid dhlí an Aontais Eorpaigh.

1.3 *Ag coinneáil cothrom le dáta le forbairtí i ngnólachtaí dlí agus i rannáin dlí san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí nó i ndlínsí eile*

- Tá córais ardchaighdeáin bainistíochta eolais agus bainistíochta cás agus taifead san Oifig. Choinnigh an Leabharlann agus na haonaid Fios Gnó agus TF cothrom le dáta le dea-chleachtas, go háirithe i ngnólachtaí dlí agus i rannáin dlí san earnáil phríobháideach. Féach 6.1 thíos chun tuilleadh eolais a fháil.

1.4 *Athbhreithniú agus feabhsú go leanúnach ar shainseirbhísí comhairleacha ag Abhcóidí Comhairleacha*

- Rinneadh réimsí ábhair agus ballraíocht sna cúig ghrúpa Abhcóidí Comhairleacha a athbhreithniú go tráthrialta, ag féachaint do raon an tsaineolais, do luaineachtaí na hoibre agus d'fhorbairt scileanna agus taithí na ndlíodóirí. Bhí cinn na ngrúpaí sin i dteagmháil go tráthrialta le chéile ag a gcruinnithe seachtainiúla agus de réir mar a bhí riachtanach i ndáil le tionscadail a raibh gá le hionchur speisialtóireachta ina leith ó roinnt grúpaí éagsúla

- Chomh maith le leanúint de chomhairle a thabhairt i dtaca le comhaid a bhí oscailte cheana féin, osclaíodh gar do 1,000 comhad comhairleach nua san Oifig in 2018. Tugadh comhairle dlí freisin i ndáil le comhaid a bhain le reachtaíocht, dlíthíocht agus idirbhirt ar leith.

- Rinne Abhcóidí Comhairleacha a gcuid saineolais ar réimsí ábhartha dlí a nuashonrú trí thaighde a dhéanamh; trí mheantóireacht agus trí ionduchtú; trí fhreastal ar chúrsaí agus ar chomhdhálacha, trí oiliúint agus forbairt intí agus trí chruinnithe dlí intí trátha ar lena linn a chuir Abhcóidí Comhairleacha agus Dréachtóirí Parlaiminte saincheisteanna dlí reatha i láthair. Ba phríomhghnéithe den obair iad, i dtaca le Abhcóidí Comhairleacha a choinneáil cothrom le dáta, scaipeadh grúpthuarascálacha seachtainiúla ar na dlíodóirí uile san Oifig agus an bhéim ar phríomhchomhairlí dlí a chur le córas fios gnó na hOifige. Feabhsaíodh saineolas trí oiliúint ar úsáid uirlisí taighde ar an gcóras bainistíochta cás agus taifead, ar an mbunachar sonraí fios gnó agus ar bhunachair shonraí eile de chineál tráchtála.

- D'oibrigh an fhoireann Leabharlainne agus Fios Gnó agus taighdeoirí dlí go dlúth le grúpaí Abhcóidí Comhairleacha chun a gcumas a uasmhéadú i leith comhairle ardchaighdeáin a sholáthar, agus forbairtí úrnua agus údaráis á gcur san áireamh. Bhí an fhoireann Leabharlainne agus Fios Gnó an-ghníomhach san Oifig le linn tionscnaimh oiliúna agus forbartha agus tionscnaimh fios feasa a chur i gcrích. De bhreis air sin scaip siad breithiúnais a bhí tugtha le déanaí ar bhonn tráthrialta, bhailigh siad blaganna dlí ardchaighdeáin agus rinne siad athbhreithniú go leanúnach ar chatalóg na dtéacsanna atá ar fáil sa leabharlann.

- Bhí ról ar leith ag Abhcóidí Comhairleacha i dtaca le dlíthíocht de trí ghrinnanailís dlí a chur ar fáil agus trí chomhairle ó abhcóidí a athbhreithniú i gcomhthéacs uile-Rialtais, agus trí chomhairle a ghlacadh leis an Ard-Aighne agus faisnéis a thabhairt don Ard-Aighne de réir mar ba ghá. Rinneadh cur chuige straitéiseach maidir le saincheisteanna dlí, lena n-áirítear idirghabháil i gcásanna áirithe, a ghlacadh i réimsí dlíthíochta amhail tearmann, inimirce, iarratais Airteagal 40, Barántais Gabhála Eorpacha, dlí comhshaoil, cúrsaí fostaíochta agus araíonachta, ar réimsí iad ina dtagann an tsaincheist chéanna chun cinn ina lán cásanna (féach mír 3.1 thíos). Ina theannta sin, shainaithin an Oifig saincheisteanna dlí a tháinig chun cinn agus a d'fhéadfadh tairbhiú ó réiteach reachtach.

- Is ról suntasach, deacair de chuid na nAbhcóidí Comhairleacha é breithnithe dlí a ullmhú, agus ionchur an Ard-Aighne a lorg, i ndáil le Scéimeanna Ginearálta Billí. Breithníodh saincheisteanna bunreachtúla, AE, ECHR agus beartais dlí agus ba chomhpháirteanna ríthábhachtacha iad d'ionchur na nAbhcóidí Comhairleacha eolas agus tuiscint na nAbhcóidí Comhairleacha ar an tseirbhís phoiblí, ar an bpróiseas reachtach, ar an gcóras dlí agus ar chásdlí sna réimsí áirithe a bhí i gceist.

- Tar éis don Rialtas cinneadh a dhéanamh maidir le Bille a dhréachtú, d'ardaigh Dréachtóirí Parlaiminte agus an Roinn saincheisteanna dlí go tráthrialta lena mbreithniú ag Abhcóidí Comhairleacha agus is minic go raibh na saincheisteanna sin de chineál thar a bheith casta agus nuálach. Chuir Abhcóidí Comhairleacha aighneachtaí dlí faoi bhráid an Ard-Aighne nuair a bhí gá lena thuairim ar shaincheisteanna ar leith. Ina theannta sin, ghlac Abhcóidí Comhairleacha páirt sna nósanna imeachta Dearbhaithe Cáilíochta i leith dréacht-reachtaíochta (féach 2.6 thíos).

- Ón tráth ar tháinig an Rialtas reatha in oifig, tá cabhair tugtha ag Abhcóidí Comhairleacha do Ranna cliaint maidir le tuiscint a fháil ar impleachtaí dlí Billí Comhaltaí Príobháideacha.

- Sainaithníodh réimsí dlí nua go tráthrialta i gcomhar le Ranna cliaint, agus rinneadh an saineolas sna réimsí sin a fhorbairt tuilleadh. Tá saincheisteanna dlí a bhain leis an mBreatimeacht, leis an idirlíon, leis na meáin shóisialta agus le cosaint, coinneáil agus comhroinnt sonraí i measc na samplaí de réimsí inar tháinig saincheisteanna nuálacha gan fasach i ndáil le dlí an Aontais Eorpaigh agus i ndáil le dlí na hÉireann. D'fhreastail baill de chuid fhoireann na hOifige ar sheimineáir inmheánacha agus ar sheimineáir sheachtracha agus ar léachtaí inmheánacha agus ar léachtaí seachtracha maidir leis na réimsí sin.

1.5 *An fheidhm chomhairleach speisialta in OPAS*

- Sa bhliain 2018, thosaigh Rannóg Chomhairleach OPAS ag forbairt a feidhme comhairlí trí chomhaid dlíthíochta a aistriú chuig rannóga dlíthíochta de chuid na hOifige. Ach, sa bhliain 2018 arís, d'imir an méadú mór oibre a tharla mar thoradh ar imscrúduithe, binsí agus fiosrúcháin nua reachtúla a tionscnaíodh tionchar mór ar chumas na Rannóige díriú ar ról comhairleach.

Ina measc sin áiríodh seirbhís dlí a sholáthar do chliaint os comhair an Bhinse maidir le Nochtadh, an Coimisiún Imscrúdúcháin maidir le hÁrais Mháithreacha agus Leanaí agus maidir le Nithe Gaolmhara, an Coimisiún Imscrúdúcháin (Nithe Áirithe i dtaobh seirbhís míchumais san Oirdheisceart agus nithe gaolmhara), an Coimisiún Imscrúdúcháin (An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní) agus cúig fhiosrúchán reachtúla faoi Alt 42 d'Acht an Gharda Síochána 2005. De bhreis air sin, tugadh comhairle a measadh a bheadh ag teastáil i ndáil leis an gCoimisiún Imscrúdúcháin (An fhreagairt do ghearáin nó líomhaintí a rinneadh i gcoinne Bill Kenneally maidir le drochúsáid ghnéasach leanaí, agus nithe gaolmhara). Dá ainneoin sin, cuireadh an obair chomhairleach seo a leanas i gcrích sa bhliain 2018:

- I gcomhar leis na hAbhcóidí Comhairleacha, tugadh comhairle maidir le raon leathan saincheisteanna amhail cumhachtaí chun tarmligean a dhéanamh, an dlí maidir le tarrthálas, diúscairt dramhaíola, dlí na gcuideachtaí, iomarcaíocht, dlíthe maidir le ceadúnúchán agus díospóidí conartha, mar aon le comhairle a thabhairt i ndáil le forbairt réimsí den dlí lena n-áirítear tionchar an Achta um Chosaint Sonraí 2018 ar idirghníomhaíochtaí an Stáit le saoránaigh.
- Comhairle i ndáil le próisis mhaoirseachta na gcúirteanna ar an Acht um Shaoráil Faisnéise.
- Feidhmiú thar ceann cliant os comhair éisteachtaí de chuid an Choiste Cúlghairthe Saoránachta.
- Cúnamh a thabhairt do státseirbhísigh ar seirbheáladh *subpoena* orthu in imeachtaí tríú páirtí.
- Comhairle a thabhairt i ndáil le comhréitigh agus eadráin, is é sin, comhairle d'Oifig na nOibreacha Poiblí agus comhairle eile a bhaineann le cúrsaí maoine.

- Ina theannta sin, d'fhorbair an Rannóg Chomhairleach caidreamh níos dlúithe le rannóga eile dlí de chuid OPAS i réimse na hoibre réamhdhlíthíochta chun teacht ar réitigh luath-idirghabhála in éineacht le cliaint, lena n-áirítear feidhmiú mar 'chéad phointe teagmhála' do bhaill foirne iasachtaithe i Ranna agus in Oifigí cliaint a bhfuil géarghá acu le comhairle ó OPAS.

- Thug OPAS tús áite d'oiliúint ball foirne, agus do scileanna nua a thabhairt do bhaill foirne, i réimsí tosaíochta amhail cosaint sonraí, an dlí coiriúil agus an dlí foirgníochta agus, chomh maith leis sin, d'fheabhsú scileanna chun freastal ar riachtanais na hoibre i ndáil le fiosrúcháin reachtúla.

1.6 *Leanúint de thacaíocht a thabhairt don chlár iasachta agus den chlár sin a fhorbairt tuilleadh*

- Leanadh d'fhorbairt a dhéanamh ar chaidreamh láidir leis na hAbhcóidí Comhairleacha iasachtaithe agus le haonaid dlí i Ranna cliaint. D'fheidhmigh Abhcóide Comhairleach ar leibhéal Rúnaí Chúnta mar chathaoirleach ar scáthghrúpa le haghaidh meithleacha a chuir tacaíocht ar fáil d'Abhcóidí Comhairleacha iasachtaithe; a d'eagraigh oiliúint agus forbairt ar réimsí a raibh tábhacht ar leith ag baint leo do na dlíodóirí Rialtais intí; a thug tacaíocht don líonra d'Abhcóidí Comhairleacha iasachtaithe agus a rinne obair leo; agus a thuairiscigh go tráthrialta do Choiste Bainistíochta Oifig an Ard-Aighne.

- D'fhreastail Abhcóidí Comhairleacha iasachtaithe ar chruinnithe ginearálta de chuid na nAbhcóidí Comhairleacha in Oifig an Ard-Aighne, ar sheisiúin oiliúna agus ar imeachtaí bainistíochta eolais amhail ócáidí cur i láthair agus bhí teacht acu ar sheirbhísí Leabharlainne agus Fios Gnó Oifig an Ard-Aighne de réir mar ba ghá.

1.7 *Seirbhís fheabhsaithe dlí AE a sholáthar do Ranna agus d'Oifigí cliaint*

- Rinne Coiste Stiúrtha maidir le Dlí AE formhaoirseacht ar roinnt tionscadal suntasach amhail athbhreithniú ar rannpháirtíocht Oifig an Ard-Aighne i bhforbairt reachtaíocht AE agus i dtrasuí na reachtaíochta sin; athbhreithniú ar rannpháirtíocht na hOifige i ndlíthíocht os comhair chúirteanna Lucsamburg; caidreamh feabhsaithe le Ranna; oideachas, oiliúint agus comhroinnt eolais a chur ar fáil san Oifig maidir le nithe a bhaineann le dlí AE; agus rianú a dhéanamh, ar dhóigh áisiúil, ar shaincheisteanna tábhachtacha i ndáil le AE, agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais na nAbhcóidí Comhairleacha ar iasacht i dtaca leis sin de.

1.8 *Alt 7 den Acht um Ionchúiseamh i gCionta 1974 agus abhcóidí seachtracha a chinntiú*

- De réir bheartas Oifig an Ard-Aighne maidir le painéil abhcóidí a athbhreithniú gach bliain, uasdátaíodh na painéil sa bhliain 2018.

Sprioc Ardleibhéil 2: Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas: Sainseirbhís dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar don Rialtas

Samplaí de reachtaíocht a dhréachtaigh ODP sa bhliain 2018

An tAcht um Chosaint Sonraí 2018
Athchóiríodh an dlí maidir le cosaint sonraí trí éifeacht a thabhairt don Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus don Treoir chomhfhreagrach is infheidhme i gcomhthéacs fhorfheidhmiú an dlí.

An tAcht um an Séú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht 2018 agus an tAcht Sláinte (Foirceannadh Toirchis a Rialáil) 2018
Leis an gcéad Acht atá luaite, rinneadh foráil ann maidir le leasú ar Airteagal 40.3.3° den Bhunreacht agus leis an dara hAcht atá luaite rinneadh rialáil ar an dlí maidir le foirceannadh toirchis.

An tAcht um Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann 2018
Rinneadh foráil san Acht seo maidir le Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann a fhoirmiú d'fhonn airgeadú a chur ar fáil i gcomhair forbairtí cónaithe sa Stát.

An Bille um Barrachas Náisiúnta (Cúlchiste le haghaidh Teagmhais Eisceachtúla) 2018
Rinneadh foráil san Acht seo maidir le "Ciste Éigeandála" a bhunú, agus é beartaithe mar chúlchiste a dtarraingeofar suimeanna as in imthosca áirithe.

Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta 2018
Rinneadh foráil san Acht seo maidir le hollscoileanna teicneolaíochta a bhunú, maidir le hinstitiúidí teicneolaíochta áirithe a dhíscaoileadh agus maidir le nósanna imeachta athchóirithe rialachais agus imscrúdúcháin i leith soláthraithe áirithe oideachais tríú leibhéal.

An Bille um Thorann Aerárthaí (Aerfort Bhaile Átha Cliath) a Rialáil 2018
Rinneadh foráil san Acht seo maidir le nithe éagsúla a bhaineann le measúnú a dhéanamh, agus aghaidh a thabhairt, ar thorann aerárthaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus, chomh maith leis sin, rinneadh athruithe rialála áirithe i ndáil le torann aerárthaí.

Tuairisciú ar Sprioc Ardleibhéil 2 de chuid an Ráitis Straitéise

2.1 *Dréachtreachtaíocht a ullmhú*

- Dhréachtaigh Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte (ODP) reachtaíocht phríomha agus reachtaíocht thánaisteach chun éifeacht a thabhairt don bheartas reachtach a bhí

leagtha amach ag an Rialtas agus i gcomhréir leis an mBunreacht agus le hoibleagáidí AE an Stáit.

- Cé nach ndréachtaíonn ODP Billí Comhaltaí Príobháideacha, dhréachtaigh an Oifig leasuithe de chuid Chéim an Choiste agus Chéim na Tuarascála ar Bhillí den sórt sin i gcás inar cheadaigh an Rialtas na leasuithe sin lena dtairiscint ag an Aire iomchuí le linn iad a phróiseáil trí Thithe an Oireachtais.

- Dhréachtaigh ODP:

    - Billí Rialtais, ar foilsíodh 46 cinn díobh sa bhliain 2018, lena n-áirítear 2 Bhille chun an Bunreacht a leasú (atá liostaithe in Iarscríbhinn A) agus ar achtaíodh 39 gcinn díobh sa bhliain 2018, lena n-áirítear 2 Acht chun an Bunreacht a leasú (atá liostaithe in Iarscríbhinn B)

    - Leasuithe de chuid Chéim an Choiste agus Chéim na Tuarascála ar Bhillí Rialtais

    - Leasuithe de chuid Chéim an Choiste agus Chéim na Tuarascála ar 7 mBille Comhaltaí Príobháideacha, ar achtaíodh 5 cinn díobh sa bhliain 2018 (atá liostaithe in Iarscríbhinn C)

    - 204 ionstraim reachtúil (lena n-áirítear 42 cheann chun bearta de chuid an Aontais Eorpaigh a thrasuí isteach i ndlí na hÉireann).

2.2 *Béim a leagan ar an tábhacht a ghabhann le cloí le nósanna imeachta agus le tograí beartais atá forbartha go hiomlán*

I rith na bliana 2018, lean ODP de Ranna a éascú trí reachtaíocht a raibh géarghá léi a dhréachtú agus, ag an am céanna, leanadh de bheith ag cur i gcuimhne do Ranna go raibh sé tábhachtach cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha amach sa Lámhleabhar Comh-Aireachta chun a chumasú don ODP reachtaíocht a chur ar fáil laistigh den amscála riachtanach. Ina theannta sin, lean an ODP de bheith ag cur ina luí ar Ranna cé chomh tábhachtach atá sé tograí beartais a cheapadh agus a fhorbairt go hiomlán sula lorgaítear seirbhísí an ODP.

Meabhraíodh do Ranna an ról lárnach atá ag Coiste Reachtaíochta an Rialtais maidir le tosaíochtaí reachtaíochta an Rialtais a leagan síos agus a fhormhaoirsiú agus ról an Choiste sin maidir lena chinntiú go bhfaighidh an Rialtas an tairbhe is mó agus is féidir ó na seirbhísí a sholáthraíonn an ODP chun Clár Reachtaíochta an Rialtais a chur i bhfeidhm.

2.3 *Caidreamh le Ranna Rialtais*

Sa bhliain 2018, lean an ODP de bheith i dteagmháil le Ranna Rialtais ag gach céim den phróiseas dréachtaithe d'fhonn éifeachtúlacht níos fearr a bhaint amach i dtaca lena n-idirghníomhaíocht leis an ODP. Cuireadh i gcuimhne do Ranna go bhfuil sé tábhachtach comhairle a ghlacadh leis an Abhcóide Comhairleach ar iasacht ag céim luath d'fhorbairt tograí reachtaíochta agus le Ranna eile Rialtais i gcás ina dtagann tograí beartais faoi raon réimsí beartais atá faoi réim chúram níos mó ná Roinn amháin nó i gcás ina bhfuil impleachtaí ag tograí beartais do réimsí den sórt sin. Lean an ODP de chaidreamh a bheith aici le Ranna chun tacú lena dtionscnaimh oiliúna maidir leis an bpróiseas reachtaíochta. Ina theannta sin, lean an ODP de bhaint lárnach a bheith aici, i gcomhar le Ranna Rialtais, maidir leis na hullmhúcháin i leith imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.

2.4 *Caidreamh le Coiste Reachtaíochta an Rialtais*

I rith na bliana 2018, lean an ODP de pháirt ghníomhach a ghlacadh i gCoiste Reachtaíochta an Rialtais, agus tuarascálacha á soláthar go tráthrialta maidir le dréachtú Billí ar an liosta tosaíochta d'fhonn faireachán cuí agus maoirseacht chuí ar chur i bhfeidhm Chlár Reachtaíochta an Rialtais a chumasú. Mar thoradh ar rannpháirtíocht leanúnach an ODP in obair an Choiste, soláthraíodh sásra ríthábhachtach i leith idirghabháil a dhéanamh idir tosaíochtaí reachtaíochta iomaíocha Ranna. Ina theannta sin, cuireadh eolas in iúl don Ard-Aighne (ar ball é de Choiste Reachtaíochta an Rialtais agus a fhreastalaíonn ar chruinnithe den Choiste) maidir le dul chun cinn dréachtreachtaíochta agus saincheisteanna dlí a bhí tagtha chun cinn i rith an phróisis dréachtaithe.

2.5 *Caidreamh leis na hAbhcóidí Comhairleacha*

Lean ODP de bheith ag comhoibriú le hAbhcóidí Comhairleacha san Oifig trí bhíthin plé neamhfhoirmiúil agus iarratas i scríbhinn ar chomhairle maidir le saincheisteanna dlí a tháinig chun cinn le linn reachtaíocht a dhréachtú. Chuaigh ODP i dteagmháil leis na hAbhcóidí Comhairleacha freisin le linn athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta i dtaca le hidirghníomhaíocht idir Abhcóidí Comhairleacha agus Dréachtóirí Parlaiminte i ndáil le dréachtú reachtaíochta.

2.6 *Nósanna imeachta maidir le Deimhniú Cáilíochta*

- Rinneadh na nósanna imeachta maidir le Deimhniú Cáilíochta i ndáil le dréachtreachtaíocht a chur i bhfeidhm go rathúil sa bhliain 2018. Baineann na nósanna imeachta sin le hathbhreithniú gach dréacht-Bhille ar leith ag beirt Dréachtóirí Parlaiminte de ghnáth (de bhreis ar an Dréachtóir Parlaiminte a dhréachtaigh an Bille) agus ag Abhcóide Comhairleach sula gcomhaontaítear téacs deiridh an Bhille leis na Ranna treorach. Is é is cuspóir do na nósanna imeachta ná cáilíocht agus éifeachtacht dlí dréachtreachtaíochta a choimirciú comhroinnt saineolais agus léargas a éascú.

- Ina theannta sin, lean ODP de chóras an Bhinse Oibre Reachtaíochta a oibriú chun téacs Billí agus leasuithe ar Bhillí a ullmhú i gcomhar le hOifig na mBillí i dTithe an Oireachtais.

Sprioc Ardleibhéil 3: Seirbhís dlíthíochta a sholáthar lena seachadtar torthaí optamacha dár Ranna agus dár nOifigí cliaint

Samplaí de sheirbhísí dlíthíochta a chuir an Oifig ar fáil sa bhliain 2018

Athbhreithniú Breithiúnach

IRM v. An tAire Dlí agus Cirt & Comhionannais

Cás inimirce inar shoiléirigh breith a thug an Chúirt Uachtarach d'aon ghuth staid bhunreachtúil na mbeo gan bhreith roimh an Séú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht.

Luximon v. An tAire Dlí agus Cirt & Comhionannais / Balchand v. An tAire Dlí agus Cirt & Comhionannais

Breith ón gCúirt Uachtarach - an raibh sé ceart ag mic léinn a tháinig isteach sa Stát ar bhonn ceadanna mic léinn a chur faoi deara go ndéanfadh an tAire a gcuid ceart teaghlaigh agus príobháideachais faoi Airteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine a chur san áireamh le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh an ndéanfaí athnuachan ar chead na n-iarratasóirí fanacht sa Stát.

Moore v. An tAire Ealaíon, Oidhreachta & na Gaeltachta

Dúshlán i leith chinneadh an Aire láithreán oidhreachta a chruthú ag 14-17 Sráid an Mhúraigh, Baile Átha Cliath, ar láithreán é a bhí ainmnithe roimhe sin mar shéadchomhartha náisiúnta. Chinn an Chúirt Achomhairc nach raibh aon dlínse ag an Ard-Chúirt faoi alt 2 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 a dhearbhú go raibh na foirgnimh ina séadchomharthaí náisiúnta ós rud é gur réimse beartais é sin a bhí le cinneadh ag an reachtas.

Ceartas Coiriúil & Coimeád Sonraí

Dwyer v. Coimisinéir an Gharda Síochána & Daoine eile

Dúshlán i leith fhorálacha de chuid an Achta Cumarsáide (Sonraí a Choimeád) 2011 á líomhnú nár cheart sonraí a bailíodh ó theileafón an ghearánaí a úsáid le linn a thrialach sa bhliain 2015 maidir le dúnmharú. Rialaigh an Ard-Chúirt go raibh an gearánaí i dteideal dearbhuithe teoranta a fháil á rá go raibh forálacha áirithe d'Acht 2011 ar neamhréir le dlí AE. Tá achomharc á dhéanamh faoi láthair sa Chúirt Uachtarach maidir leis an mbreithiúnas sin.

Cásanna maidir le Ceartas Coiriúil & maidir leis an Barántas Gabhála Eorpach

Dhéileáil an Oifig le líon mór iarratas ar Bharántas Gabhála Eorpach os comhair na gcúirteanna i rith na bliana 2018

Bhí dúshláin ar leith ann sa réimse seo mar thoradh ar an mBreatimeacht agus rinneadh cuid mhór oibre pleanála chun íoslaghdú a dhéanamh as aon suaitheadh a d'fhéadfadh éirí as an Ríocht Aontaithe a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach i gcás Breatimeacht mí-ordúil a bheith ann.

Féimheacht

An tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha & O'Connell v. Wood agus Wymes

Imeachtaí féimheachta a d'éirigh as mainneachtain féichiúnaithe circa €5.25 milliún a íoc mar chostais agus mar ús, ar suim í a bhí dlite don Stát tar éis na trialach 117 lá san Ard-Chúirt i gcás *Bula Ltd. v Tara Mines Ltd.*

Caingne Iomlánacha / Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh

Denis O'Brien v. Cléireach Dháil Éireann, Éire agus an tArd-Aighne & Daoine eile
Angela Kerins v. McGuinness & Daoine eile

Breithniú ar mhéid phribhléid an Oireachtais faoi Airteagal 15 den Bhunreacht. Éisteadh an dá chás os comhair na Cúirte Uachtaraí sa bhliain 2018 agus tugadh gach breithiúnach ar leith sa bhliain 2019.

Cásanna maidir le Cúram Sláinte - Conradh Dochtúra Chomhairligh

Imeachtaí a thionscain roinnt dochtúirí comhairleacha á líomhnú gur mhainnigh an Stát téarmaí Chonradh na nDochtúirí Comhairleacha 2018 a chomhlíonadh, lena n-áirítear mainneachtain méaduithe tuarastail áirithe a íoc. Bhí impleachtaí suntasacha ag an gcás don Stát. Socraíodh na himeachtaí tar éis caibidlíochtaí fada.

Cásanna maidir le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE)

Éire v. An Coimisiún Eorpach

Dúshlán ag Éirinn i leith chinneadh an Choimisiúin Eorpaigh á rá gur dheonaigh an Stát Státchabhair €13 billiún do chuideachta teicneolaíochta Apple.

An tAire Dlí agus Cirt & Duine eile v. An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre

Réamhtharchur ó Chúirt Uachtarach na hÉireann. Rialaigh CBAE nach mór cumhacht a bheith ag comhlachtaí amhail an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, ar comhlachtaí iad a bhunaítear chun dlí AE a fhorfheidhmiú i réimsí áirithe, gan reachtaíocht náisiúnta, lena n-áirítear forálacha de chuid an Bhunreachta atá contrártha do dhlí AE, a chur i bhfeidhm.

Tuairisciú ar Sprioc Ardleibhéil 3 de chuid an Ráitis Straitéise

3.1 *Bainistíocht Chás Réamhghníomhach – samplaí:*

- Fóram maidir leis an Dlí Pleanála agus Comhshaoil:

  Mar fhreagairt ar mhéadú suntasach ar an líon imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh

i réimse an dlí pleanála agus comhshaoil, bhunaigh an Oifig Fóram maidir leis an Dlí Pleanála agus Comhshaoil sa bhliain 2018. Cuimsíonn an Fóram ionadaithe ó OPAS, ó OAA agus ó na ceithre Roinn chliaint dá ndéanann na dúshláin seo difear tugann sé deis chun eolas agus faisnéis a chomhroinnt i ndáil le treochtaí a fhorbairt d'fhonn cur chuige uile-Rialtais a chinntiú maidir le torthaí cásanna.

- Grúpa Páirtithe Leasmhara Airteagal 40:
  Tá freagracht ar an Oifig i ndáil le feidhmiú thar ceann an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Gharda Síochána, na Seirbhíse Cúirteanna, Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige agus Stiúrthóir Ionad Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh in imeachtaí *habeas corpus* de bhun Airteagal 40.4.2° den Bhunreacht. Cumasaíonn sé sin do dhuine atá faoi choinneáil cur i gcoinne dhliíthiúlacht a gcoinneála. Mar fhreagairt ar an líon méadaitheach dúshlán 'Airteagal 40', d'oibrigh an Oifig lenár gcuid cliant agus leis an tSeirbhís Chúirteanna, leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí chun Grúpa ildisciplíneach ilghníomhaireachta Páirtithe Leasmhara Airteagal 40 a bhunú chun triallacha athfhillteacha in iarratais a shainaithint d'fhonn feabhas a chur ar nósanna imeachta agus d'fhonn laghdú a dhéanamh ar chostais.

- Caidreamh táirgiúil leis an Ard-Chúirt:
  I rith na bliana 2018, rinne an Oifig faireachán ar na cleachtais agus ar na nósanna imeachta a bhí infheidhme maidir leis an liosta Inimirce agus Tearmainn san Ard-Chúirt agus rinneadh aighneachtaí maidir le treoracha cleachtais. Mar thoradh air sin, tugadh isteach Treoir Chleachtais HC81 trínar tugadh soiléire agus cruinneas i leith na nósanna imeachta atá infheidhme sa réimse gnóthach seo den dlí.

3.2 *Úsáid a bhaint as taithí agus eolas*

- Chinntigh an Oifig go ndearnadh leas a bhaint as an eolas agus as an taithí a fuarthas le linn cásanna a sheoladh mar fhoinse faisnéise i gcásanna den tsamhail chéanna. Trí úsáid a bhaint as córais bhainistíochta eolais na hOifige, ceapadh comhairle thábhachtach lena húsáid amach anseo. Rinneadh toradh cásanna suntasacha agus toradh cásanna ba dhíol spéise trasearnála a chur in iúl don fhoireann lena chinntiú go bhféadfaí an t-eolas sin a úsáid ar mhaithe le cliaint le linn dlíthíocht a sheoladh.

- Shainaithin an Oifig dúshláin dlí athfhillteacha i leith reachtaíochta lenár gcuid Ranna cliaint. Thug an Oifig spreagadh do chliaint cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh

i ndáil le leasú reachtaíochta a chur ar aghaidh, nuair is cuí sin, d’fhonn deireadh a chur leis an riosca go mbeadh tuilleadh dúshlán ann.

- Tríd an gcaidreamh le páirtithe leasmhara, neartaigh an Oifig nósanna imeachta agus próisis ionas go laghdófaí an líon dúshlán dlí nóis imeachta gan ghá i leith ghnó an Rialtais agus rinneadh amhlaidh trí bhíthin athbhreithnithe iarchaingne agus aiseolais agus trí chomhairle a thabhairt do chliaint.

Sprioc Ardleibhéil 4: Seirbhís dlí réiteach-bhunaithe a sholáthar faoi cheannas OPAS mar thacaíocht i leith chuspóirí idirbheartaíochta agus gnó ár Ranna cliaint a chur i bhfeidhm

Samplaí de sheirbhísí idirbheartaíochta a chuir an Oifig ar fáil sa bhliain 2018: Rannán Maoine Stáit OPAS

Ullmhúcháin le haghaidh an Bhreatimeachta

- Comhairle a thabhairt do OOP maidir le leasanna maoine a fháil i suíomhanna tábhachtacha chun freastal ar riachtanais phráinneacha ó thaobh bonneagar maoine de ar mhaithe le hullmhacht i leith an Bhreatimeachta.

Ceannacháin agus Díolacháin

- Fáil agus diúscairt maoine agus tailte mar chuid de shainordú OOP cóiríocht oifige a fhoinsiú, a sholáthar agus a bhainistiú do Ranna agus do Ghníomhaireachtaí an Rialtais Lárnaigh.
- Fáil láithreán i suíomhanna straitéiseacha ar fud an Stáit chun freastal ar na spriocanna atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais & Scileanna maidir le tógáil agus soláthar scoileanna mar chuid de Chlár na Roinne maidir le Mearthógáil Scoileanna.
- Fáil tailte portaigh ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta mar chuid dá shainordú caomhantais chun portaigh ardaithe náisiúnta atá suite i Limistéir Speisialta Caomhantais a chosaint, a bhainistiú agus a chaomhnú ar mhaithe leis na glúnta atá ann faoi láthair agus na glúnta a bheidh ann amach anseo.

Léasanna agus Ceadúnais Tráchtála

- Fáil leasanna léasacha ag OOP chun freastal ar riachtanais leanúnacha i leith spás oifige do Ranna agus d'Oifigí Rialtais.
- Comhairle speisialtóireachta mhuirí a sholáthar i ndáil le bainistíocht na Lárionad Chuan Iascaigh go léir, agus na hurthrá ag an Stát agus chun freastal ar riachtanais Gharda Cósta na hÉireann maidir lena phunann mhaoine.

Urrúis Stáit

- Muirir a ullmhú agus a chlárú chun deontais do chomhlachtaí a fhaigheann tairbhe faoi Chláir Mhaoinithe Chaipitiúil an Rialtais maidir le Spóirt agus maidir leis na hEalaíona agus maidir le Cultúr.
- Comhairle speisialtóireachta agus seirbhísí dlí a sholáthar i leith maoin a chineachann chun an Stáit de bhun an Achta Maoine Stáit 1954 agus an Achta Comharbais 1965.

Samplaí de sheirbhísí idirbheartaíochta a chuir an Oifig ar fáil sa bhliain 2018: Rannóg Conarthaí Tráchtála OPAS

- Rinneadh Comórtas Tairisceana chun seirbhísí ginearálta baincéireachta a sholáthar ar fud an Rialtais a chur i gcrích trí úsáid a bhaint as an nós imeachta idirphlé iomaíoch.
- Comhairle maidir le Creatchomhaontú le haghaidh Gás Nádúrtha agus le haghaidh Córas Dinimiciúil Ceannaigh le haghaidh Leictreachais don earnáil phoiblí ar fad.
- Comhairle maidir leis an Scéim Iasachta le haghaidh Fáis sa Todhchaí agus maidir leis an gComhaontú Frithráthaíochta leis an gCiste Eorpach Infheistíochta.

Tuairisciú ar Sprioc Ardleibhéil 4 de chuid an Ráitis Straitéise

4.1 *Cumarsáid agus comhoibriú éifeachtach le Ranna agus Oifigí cliaint d'fhonn soláthar na torthaí is fearr a chinntiú*

Bhí OPAS chun tosaigh maidir le seirbhís dlí idirbheartaíochta a sholáthar do Ranna agus d'Oifigí cliaint.

- Chuir an Rannán Maoine Stáit Samhail nua Soláthair Seirbhíse i bhfeidhm, ar samhail í ina gcuimsítear trí rannóg nua agus iad eagraithe de réir speisialtóireachta dlí agus idirbheartaíochta. Tá an tsamhail nua ceaptha chun feabhas a chur ar éifeachtúlachtaí agus leathnú a dhéanamh ar chomhroinnt eolais d'fhonn seirbhísí do chliaint a bharrfheabhsú.
- Bhí an Rannán Maoine Stáit agus an Rannóg Conarthaí Tráchtáil i dteagmháil go tráthrialta le príomhchliaint chun athbhreithniú a dhéanamh le nithe leanúnacha agus chun tionscadail a bhí le bheith ann a phleanáil go straitéiseach. Ina theannta sin, bhuail siad le hoifigigh threorach agus le fostaithe iasachtaithe de chuid OAA go tráthrialta i Ranna cliaint ar fud na bliana, de réir mar a iarradh amhlaidh.

4.2 *Seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar*

Chinntíomar go soláthrófaí seirbhís ardchaighdeáin do Ranna agus d'Oifigí cliaint.

- Chuireamar feabhas ar ár gcórais inmheánacha i leith bainistíocht agus tuairisciú a dhéanamh ar an obair thábhachtach idirbheartaíochta ar fud réimsí na Maoine Stáit agus na gConarthaí Tráchtála.

- Chabhraíomar le cliaint i dtaca le forbairt réiteach praiticiúil chun freastal ar a gcuid dúshlán gnó, mar shampla, maidir le fáil maoine tábhachtaí le haghaidh obair a bhí bainteach leis an mBreatimeacht agus maidir le fáil láithreán úrnua le haghaidh scoileanna agus maidir le cláir oiliúna a shaincheapadh d'fhoireann na hOifige um Sholáthar Rialtais (OSR) agus do Ranna cliaint eile i ndáil leis an dlí a bhaineann le fáil phoiblí agus i ndáil le Rialachán Ginearálta 2016/679 an Aontais Eorpaigh maidir le Cosaint Sonraí ("RGCS").
- Ghlacamar páirt i gclár gníomhach bainistíochta eolais agus chinntíomar go bhfuair bail foirne scileanna nua riachtanacha trí oiliúint a fháil maidir le réimsí nua oibre.
- Chinntíomar gur úsáideadh an saineolas cuí i leith seirbhísí leathana agus i leith bainistíocht chuí a dhéanamh ar idirbhearta conspóideacha trí chomhoibriú gníomhach le comhghleacaithe i rannáin dlíthíochta OPAS agus in OAA. I gcás an Rannán Conarthaí Tráchtála, is é a bhí i gceist ná oibriú go dlúth le Rannóga Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh agus Gnóthaí Tráchtála & Bunreachtúla OPAS ar chásanna amhail *Word Perfect, Copymoore, Glenbeigh Construction,* dúshláin a bhain le hoibreacha scoile agus dúshlán tuála Chill Dara.
- Chuir Rannóg na gConarthaí Tráchtála comhsheasmhacht agus sruthlíniú chun cinn i ngach idirbheart, i gcás ina raibh sé sin indéanta, d'fhonn éifeachtúlacht a spreagadh le linn ár gcuid seirbhísí a sholáthar agus thug an rannóg comhairle maidir le forbairt an bheartais phoiblí. Go háirithe, d'oibrigh an Rannóg Conarthaí Tráchtála leis an Oifig um Sholáthar Rialtais maidir le forbairt an méid seo a leanas:
    - sraith teimpléad TCF lena n-úsáid ar fud na seirbhíse poiblí i dtaca le córais TCF a dhearadh, a chruthú agus a chur i bhfeidhm
    - clásail RGCA lena chinntiú go raibh teimpléad caighdeánach OSR i gcomhréir le gach oibleagáid dlí AE maidir le Príobháideachas agus Cosaint Sonraí
    - Nóta Faisnéise maidir le Nithe a bhaineann le Cúrsaí Sóisialta a Ionchorprú i Soláthar Poiblí.

Sprioc Ardleibhéil 5: Tacú le hardleibhéil saineolais, inniúlachta, eolas cothrom le dáta ar an dlí agus scileanna cumarsáide éifeachtacha a fhorbairt, laistigh de thimpeallacht eolas-bhunaithe

Tuairisciú ar Sprioc Ardleibhéil 5 de chuid an Ráitis Straitéise

5.1 *A chinntiú go bhfanann bainistíocht eolais i gcroílár an méid a dhéanaimid trí straitéis bainistíochta eolais OAA a chur i bhfeidhm*

- Lean OAA de bheith ag obair i dtreo chur i bhfeidhm iomlán na bpointí gníomhaíochta a sainaithníodh ina Straitéis Bainistíochta Eolais, lena n-áirítear córais chun coimeád eolais a choimirciú i gcás ina bhfágann duine an Oifig nó ina scoireann duine d'oifig san eagraíocht.
- Lean baill foirne de clár forleathan saincheisteanna dlí a chur i láthair a gcomhghleacaithe le linn cruinnithe i rith na bliana.
- Lean coiste an bhlag dlí d'úsáid a bhaint as an mblag dlí mar uirlis bainistíochta eolais dlí trí phostálacha seachtainiúla a chur ar fáil maidir le raon ábhar dlí.
- Lean OAA d'fheabhas a chur ar cheapadh agus ar chomhroinnt fios feasa dlí eagraíochtúil, agus ar teacht ar an bhfios feasa sin, trí chur chun cinn leanúnach an bhunachair sonraí fios feasa dlí agus feachtas spriocdhírithe amhail an tionscnamh *KNOWvember*.
- Lean OAA d'fhaireachán a dhéanamh ar threochtaí agus ar fhorbairtí i leith bainistíocht eolais, lena n-áirítear páirt a ghlacadh i Líonra Bainistíochta Eolais na Státseirbhíse agus glacadh páirt i líonrúchán laistigh den phobal leathan bainistíochta eolais.

5.2 *A chinntiú go bhfanann bainistíocht eolais i gcroílár an méid a dhéanaimid trí straitéis bainistíochta eolais OPAS a chur i bhfeidhm*

- Lean Seirbhís Eolais & Faisnéise OPAS d'fhorbairt a dhéanamh ar inneachar agus ar fheidhmiúlacht CSSOLegal, is é sin, tairseach faisnéise agus eolais dlí na hOifige.
- Ghlac baill foirne de chuid OPAS i dtionscnaimh bainistíochta eolais amhail ábhar a chur ar fáil d'Fheasachán Dlí OPAS a fhoilsítear go tráthrialta.

- Ina theannta sin, ghlac baill foirne de chuid OPAS i Seimineáir Lunch & Learn[KM] agus d'fhreastail baill foirne orthu. Is é is cuspóir do Sheimineáir Lunch & Learn[KM] ná deis a thabhairt do chomhghleacaithe a saineolas faoi raon leathan saincheisteanna éagsúla dlí a chomhroinnt i dtimpeallacht neamhfhoirmiúil choláisteach.

- Sainaithníodh tosaíochta bainistíochta eolais trí Phleananna Eolais a réiteach i ngach Rannóg agus i ngach Rannán ar fud OPAS agus trí chruinnithe bainistíochta eolais a sheoladh go tráthrialta.

5.3 *Leanúint de bheith ag díriú ar oiliúint, ar fhoghlaim agus ar fhorbairt dár mbaill foirne uile d'fhonn feidhmíocht agus poitéinseal a uasmhéadú agus d'fhonn freastal a dhéanamh ar riachtanais leanúnacha agus ar riachtanais réamh-mheasta*

- Cuireadh straitéis nua OAA maidir le Foghlaim agus Forbairt don tréimhse 2017-2021 i gcrích sa bhliain 2017. Sa bhliain 2018, leanadh den obair a bhain le cur i bhfeidhm pointí éagsúla gníomhaíochta sa straitéis sin. Ina theannta sin, rinne an Oifig athbhreithniú go tráthrialta ar a riachtanais oiliúna agus leanadh de chóras aiseolais thráthrialta a chur i bhfeidhm i ndáil leis an oiliúint go léir, idir inmheánach agus seachtrach.

- Ghlac foireann dlí agus foireann riaracháin OPAS páirt i bpleanáil oiliúna agus forbartha san Oifig. Leagadh béim ar leith ar oiliúint intí, agus aird ar leith á tabhairt ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach d'aturnaetha a raibh sé de bhua aici go raibh sí saincheaptha agus éifeachtach ó thaobh costais de. Ina theannta sin, d'eagraigh an tAonad Oiliúna agus Forbartha ócáidí ar lena linn a bhí comhlachtaí poiblí eile in ann labhairt leis an bhfoireann agus a bhí aturnaetha de chuid OPAS in ann ábhair a chur i láthair a gcomhghleacaithe.

- Rinneadh léachtaí agus seimineáir faoi ábhair dlí a sheoladh sa dá Oifig, lena n-áirítear sraith nua léachtaí dlí AE a thug saineolaithe seachtracha agus comhghleacaithe a bhí ar iasacht sa Bhuanionadaíocht sa Bhruiséil agus in institiúidí AE.

- Lean an dá Oifig de pháirt a ghlacadh in OneLearning, is é sin, Ionad Foghlama agus Forbartha na Státseirbhíse, mar chuid de Bheart 9 den Phlean Athnuachana don Státseirbhís.

Sprioc Ardleibhéil 6: Cleachtadh dlí agus seirbhísí corparáideacha agus bainistíochta gnó de chineál nua-aimseartha agus gairmiúil a sholáthar mar thacaíocht don Oifig le linn an caighdeán seirbhíse is airde a sholáthar

Tuairisciú ar Sprioc Ardleibhéil 6 de chuid an Ráitis Straitéise

6.1 *Déanfaidh an Oifig bearta chun foghlaim ó sholáthraithe seirbhísí dlí eile d'fhonn seirbhís níos fearr a chinntiú agus, mar thoradh air sin, torthaí níos fearr a chinntiú don Rialtas*

- **Próisis agus Córais:** Lean OAA agus OPAS de choinneáil cothrom le dáta le forbairtí i ngnólachtaí príobháideacha dlí agus, go háirithe, leanadh de choinneáil cothrom le dáta leis na córais tacaíochta a úsáidtear chun seirbhísí ardchaighdeáin dlí a sholáthar do chliaint. D'áirigh sé sin coimeád ar an eolas faoi dhul chun cinn i dteicneolaíochtaí cumarsáide agus faisnéise (TCF) i dtimpeallacht oifige dlí agus glacadh páirt i Líonra Bainistíochta Eolais agus féachadh leis an dea-chleachtas reatha a chur i bhfeidhm sna hOifigí. I rith na bliana 2018, lean an dá Oifig de bheith i dteagmháil le hoifigí contrapháirtithe i ndlínsí eile d'fhonn na cleachtais agus na córais chomparáideacha a úsáidtear le linn seirbhísí dlí a sholáthar i dtimpeallacht earnála poiblí a phlé agus a chomhroinnt.

- **Acmhainní Daonna**: Choinnigh OAA agus OPAS a mbuiséad don fhoireann faoi athbhreithniú agus, ag an am céanna, rinneadh a gcuid meastachán don bhliain 2018 a chomhaontú leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

- Trí idirchaidreamh dlúth leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus trí acmhainní a chur ar fáil le haghaidh reáchtáil comórtais earcaíochta, d'oibrigh an dá Oifig chun a chinntiú go ndearnadh an fhoireann is oiriúnaí a earcú chun folúntais a tháinig chun cinn a líonadh i rith na bliana 2018.

6.2 *Déanfaidh an Oifig struchtúir agus feidhmeanna tacaíochta a choimeád d'fhonn ligean di na spriocanna atá leagtha amach thuas a chomhlíonadh*

- Lean OAA agus OPAS dá riachtanais foirne a choinneáil faoi athbhreithniú leanúnach i rith na bliana 2018.

- Déanann an dá Oifig pleanáil fórsa saothair chun a chinntiú gur féidir leo riachtanais foirne a réamh-mheas ag féachaint do bhaill foirne atá ar iasacht i Ranna eile, do chur i gcrích conarthaí agus d'imeacht ar scor etc, de bhreis ar fhreastal ar riachtanais cliant i réimsí nua. Rinneadh plean nua fórsa saothair a chlúdóidh an tréimhse blianta 2019-2021 a chur faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe i rith na bliana lena chinntiú go bhféadfadh an dá Oifig féachaint le riachtanais foirne a réamh-mheas.

- **Bainistíocht chorparáideach**: Le linn aon iarrataí ar fhoireann bhreise a ullmhú, chur an dá Oifig san áireamh an leithroinnt bhuiséid don bhliain 2018 agus an gá le fanacht laistigh de shrianta buiséadacha. I rith na bliana 2018, thug na hOifigigh Airgeadais faisnéis airgeadais ag cruinnithe bainistíochta míosúla. Le linn na gcruinnithe sin, soláthraíodh próifílí mionsonraithe caiteachais i leith na bhfo-mhírcheann go léir. De bhreis air sin, seoladh cruinnithe Comhpháirtíochta sa dá Oifig.

- **Ullmhúchán don Aistriú chuig Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais**: Ar fud na Seirbhíse Poiblí, tá Ranna agus Oifigí ag ullmhú le haghaidh chur i bhfeidhm iomlán na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais. I rith na bliana 2018, leanadh den ullmhúchán sin agus d'fhreastail ionadaithe de chuid an dá Oifig ar roinnt cruinnithe agus ceardlann chun ullmhúchán a dhéanamh don aistriú sin. Tá an dá Oifig le haistriú go hiomlán chuig na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais nua mar chuid de Chéim 5.

- **Ríomhleabhar Reachtanna na hÉireann (eISB):** Déanann Grúpa eISB na hOifige formhaoirseacht ar ullmhú, ar bhainistíocht agus ar usadátú leanúnach Ríomhleabhar Reachtanna na hÉireann (eISB) agus rinne sé obair shuntasach sa bhliain 2018 maidir leis an gclár r-Rialtais. Is é atá i eISB ná taisclann ar líne reachtaíochta príomha agus reachtaíochta tánaistí a uasdátaítear go tráthrialta agus atá ar fáil saor in aisce ag an bpobal tríd an láithreán gréasáin www.irishstatutebook.ie.

  Tá Eolaire Reachtaíochta i leith Achtanna (ó 1922 go 2018) agus i leith ionstraimí reachtúla (ó 1981 go 2018) foilsithe freisin, rud a chumasaíonn d'úsáideoirí a fháil amach an bhfuil leasú déanta ar fhoráil reachtúil ar leith, nó an bhfuil difear eile déanta d'fhoráil reachtúil ar leith, ón tráth ar achtaíodh nó a ndearnadh í.

  Tá téacs iomlán an Bhunreachta, mar aon le naisc le hAchtanna leasaitheacha, foilsithe ar eISB freisin. Leanann eISB de nasc díreach a sholáthar ó Achtanna go hAchtanna Leasaithe (is é sin, comhdhlúthú neamhoifigiúil riaracháin atá tiomsaithe ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí) i gcás iad a bheith ar fáil agus, i gcomhréir le

prionsabail sonraí oscailte, leanann eISB de shonraí reachtaíochta príomha a chur ar fáil i bhformáid XML.

Eisíodh Iarraidh ar Thairiscintí (IAT) i mí Iúil 2018 i ndáil le seirbhísí foilsitheoireachta leictreonaí reachtaíochta agus dámhadh conradh i mí na Nollag 2018.

- **Aitheantóir Eorpach Reachtaíochta (AER):** Sa bhliain 2018, lean an Oifig den Aitheantóir Eorpach Reachtaíochta (AER) a chur i bhfeidhm trí bhíthin an eISB. Mar thoradh ar an AER, tá sé de cheangal ar Bhallstáit AE úsáid a bhaint as aitheantas caighdeánach ar líne reachtaíochta agus as airíonna meiteashonraí chun cur síos a dhéanamh ar gach acmhainn dlí ar leith ionas go gcumasófar cuardach éifeachtach atá áisiúil don úsáideoir agus níos tapa agus go gcumasófar malartú faisnéise dlí.
- **Cásanna agus Taifid a Bhainistiú:** Lean na hAonaid Chlárlainne sa dá Oifig dá gcroíghníomhaíochtaí a fhorfheidhmiú sa bhliain 2018, lena n-áirítear taifid a bhainistiú, comhaid a chothabháil agus ábhair a thionsncamh/cásanna a chruthú. Fuair foireann an dá Oifig oiliúint maidir le téarnamh tar éis tubaiste, mórghné de Bheartas Bainistíochta Riosca na hOifige. I measc na bpríomhghníomhaíochtaí eile áiríodh comhaid a ullmhú lena n-aistriú chuig an gCartlann Náisiúnta de réir na reachtaíochta iomchuí agus comhaid dhíomhaoine a aistriú chuig ionad stórála lasmuigh den láithreán d'fhonn spás stórála dóthanach a chinntiú le haghaidh comhaid reatha.

6.3 *Leanfaidh an Oifig de chultúr gairmiúlachta agus feidhmíochta a chruthú d'fhonn ardchaighdeáin feidhmíochta a leabú*

- **Bainistíocht Riosca**: I rith na bliana 2018, rannchuidigh baill foirne le prionsabail fhoirmiúla na bainistíochta riosca a leabú tuilleadh sa dá Oifig. Athbhreithníodh cláir na rioscaí i rith na bliana agus lorgaíodh ráitis deimhnithe riosca go leathbhliantúil ó úinéirí riosca.
- **Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF)**: Sa bhliain 2018, lean foireann an dá Oifig de bheith páirteach i CBFF agus taifeadadh ráta comhlíontachta corradh beag le 84% do OAA agus taifeadadh ráta 75% do OPAS.
- **Athnuachan agus Athchóiriú na Státseirbhíse**: I rith na bliana 2018, lean an dá Oifig de thionscnaimh faoi chlár athchóirithe na Státseirbhíse a chur i bhfeidhm nó de chúnamh a thabhairt maidir le cur i bhfeidhm an chláir sin. I measc na ngníomhaíochtaí suntasacha a cuireadh i gcrích sa bhliain 2018, áiríodh an méid seo a leanas:

- Leabú leantach na Seirbhíse Comhroinnte Acmhainní Daonna agus ullmhúchán a dhéanamh don aistriú chuig Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais (Beart 6)
- Comórtais iontrála don dá Oifig a bheith oscailte do gach duine ag a bhfuil na cáilíochtaí riachtanacha (Beart 8)
- Leanúint de Chlár Ceannaireachta na bPríomhoifigeach chun ceannairí a fhorbairt don todhchaí (Beart 10)
- Leanúint d'úsáid a bhaint as córas bainistíochta feidhmíochta LEADS i gcás Ard-Rúnaithe Cúnta agus ag leibhéil os a chionn sin (Beart 12)
- Leanúint d'fhorbairt a dhéanamh ar an scéim soghluaisteachta do bhaill foirne, agus is sa bhliain 2019 a cheaptar a lainseálfar an scéim (Beart 15)
- Rannpháirtíocht ag Baill Foirne - anailís a dhéanamh ar thorthaí an tSuirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe Státseirbhíse 2017 agus gníomhartha a éiríonn as sin a chur chun cinn trí bhíthin suirbhéanna breise agus fócasghrúpaí (Beart 25)

- **Oiliúint agus Forbairt:** Lean Coiste Foghlama agus Forbartha OAA dá chuid pointí gníomhaíochta a chur ar aghaidh de réir mar atá leagtha amach sa Straitéis Foghlama agus Forbartha don Oifig. Ghlac baill foirne dlí agus riaracháin de chuid OPAS páirt in obair Choiste Oiliúna agus Forbartha OPAS chun comhlíonadh Straitéis Oiliúna agus Forbartha OPAS a chinntiú. De bhreis air sin, lean an dá Oifig de bheith ag díriú ar chláir folláine dá mbaill foirne.

- **Gradaim Dhlí na hÉireann 2018:** Ghnóthaigh Rannóg Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh OPAS an gradam i leith ghnólacht dlí earnála poiblí na bliana.

6.4 *Pleanálfaidh an Oifig do riachtanais dlí speisialaithe san Oifig agus i dtaobh conas is fearr acmhainní a chur ar fáil do riachtanais dlí tosaíochta an Rialtais*

- **Baill Foirne a thabhairt ar iasacht do Ranna Rialtais agus d'Institiúidí Eorpacha** Meastar gurb ionann deiseanna iasachtaithe agus straitéis thábhachtach maidir le baill foirne shainoilte agus maidir le cur le saineolas dlí. I rith na bliana 2018, leanadh de bhaill foirne de chuid OAA a thabhairt ar iasacht chun cabhrú le Ranna, le hOifigí agus le heagraíochtaí eile. Leanadh de bhaill foirne OPAS a thabhairt ar iasacht do Ranna cliaint agus chun cúnamh a thabhairt le linn fiosrúcháin phoiblí.

- **Riachtanais mhéadaithe speisialaithe dlí**

I rith na bliana, lean na hOifigí de speisialtóirí a earcú agus de bhaill foirne a oiliúint, agus scileanna nua a chur ar fáil dóibh, d’fhonn freastal ar riachtanais tosaíochta dlí an Rialtais.

Cuid 3: Iarscríbhinní

Iarscríbhinn A

Billí Rialtais a foilsíodh sa bhliain 2018

Billí chun an Bunreacht a leasú

- An Bille um an Séú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht 2018
- An Bille um an Seachtú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Cion a aisghairm arb éard é ní diamhaslach a fhoilsiú nó a aithris) 2018

Billí Poiblí Ginearálta

- An Bille um Fhorbraíocht na hAfraice (Banc agus Ciste) 2018
- An Bille um Thorann Aerárthaí (Aerfort Bhaile Átha Cliath) a Rialáil 2018
- An Bille Leithreasa 2018
- Bille an Bhainc Ceannais (Bunachar Sonraí Náisiúnta d'Fhaisnéis faoi Éilimh) 2018
- An Bille um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh (Leasú) 2018
- An Bille um Shláinte Leanaí 2018
- Bille na gCuideachtaí (Leasú) 2019
- An Bille um Chosaint Tomhaltóirí (Dearbháin Bhronntanais) 2018
- An Bille um Chóipcheart agus Forálacha Eile maidir le Maoin Intleachtúil 2018
- An Bille Cróinéirí (Leasú) 2018
- An Bille um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) (Leasú) 2018
- An Bille um Cheartas Coiriúil (Aitheantas Frithpháirteach do Bhreithiúnais agus Cinntí Promhaidh) 2018
- An Bille um an Dlí Coiriúil (Dlínse Sheach-Chríochach) 2018
- An Bille um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) (Leasú) 2018
- An Bille um Chosaint Sonraí 2018
- An Bille um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí 2018
- An Bille fá Chomhaontú um an gCiste Eorpach Infheistíochta 2018
- An Bille Airgeadais 2018
- An Bille um Rásaíocht Con 2018
- An Bille Sláinte (Seirbhís Lia-Chleachtóirí Ginearálta) 2018
- An Bille Sláinte (Foirceannadh Toirchis a Rialáil) 2018
- An Bille um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (Leasú) 2018
- An Bille Árachais Sláinte (Leasú) 2018
- An Bille um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2018

- An Bille um Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann 2018
- An Bille um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú) 2018
- An Bille um Fhorbairt Tionscail (Leasú) 2018
- An Bille Caidrimh Thionscail (Leasú) 2018
- An Bille Árachais (Leasú) 2018
- An Bille um Bord Scannán na hÉireann (Leasú) 2018
- An Bille Rialtais Áitiúil (Rátaí) 2018
- An Bille Rialtais Áitiúil 2018
- An Bille um Margaí in Ionstraimí Airgeadais 2018
- An Bille Meabhair-Shláinte (Orduithe Athnuachana) 2018
- An Bille um Barrachas Náisiúnta (Cúlchiste le haghaidh Teagmhais Eisceachtúla) 2018
- An Bille um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú) (Uimh. 2) 2018
- An Bille um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Aois Scoir) 2018
- An Bille um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Leasú) 2018
- An Bille um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) (Leasú) 2018
- An Bille um Chosaint Raideolaíoch (Leasú) 2018
- An Bille um Thionóntachtaí Cónaithe (Leasú) (Uimh. 2) 2018
- An Bille Leasa Shóisialaigh, Pinsean agus Cláraithe Shibhialta 2018
- An Bille Seirbhísí Teileachumarsáide (Duchtra agus Cáblaí) 2018
- An Bille um Shonraí Clárúcháin Feithicle (Cuardach agus Malartú Uathoibrithe) 2018

Iarscríbhinn B

Billí Rialtais a achtaíodh sa bhliain 2018

Achtanna chun an Bunreacht a leasú

- An tAcht um an Séú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht 2018
- An tAcht um an Seachtú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Cion a aisghairm arb éard é ní diamhaslach a fhoilsiú nó a aithris) 2018

Achtanna Poiblí Ginearálta

- An tAcht Leithreasa 2018
- Acht an Bhainc Ceannais (Bunachar Sonraí Náisiúnta d'Fhaisnéis faoi Éilimh) 2018
- An tAcht um Thacaíocht Cúraim Leanaí 2018
- An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh (Leasú) 2018
- An tAcht um Shláinte Leanaí 2018
- Acht na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla) 2018
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Éilithe) 2018
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) (Leasú) 2018
- An tAcht um Chosaint Sonraí 2018
- An tAcht um Fhoréigean Baile 2018
- An tAcht Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna) 2018
- An tAcht Fostaíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2018
- An tAcht fá Chomhaontú um an gCiste Eorpach Infheistíochta 2018
- An tAcht Airgeadais (Forbraíocht na hAfraice (Banc agus Ciste) agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2018
- An tAcht Airgeadais 2018
- An tAcht Sláinte (Seirbhís Lia-Chleachtóirí Ginearálta) 2018
- An tAcht Sláinte (Foirceannadh Toirchis a Rialáil) 2018
- An tAcht Árachais Sláinte (Leasú) 2018
- An tAcht Oidhreachta 2018
- An tAcht um Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann 2018
- An tAcht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú) 2018
- An tAcht um Fhorbairt Tionscail (Leasú) 2018
- An tAcht Árachais (Leasú) 2018
- An tAcht um Bord Scannán na hÉireann (Leasú) 2018
- An tAcht um Margaí in Ionstraimí Airgeadais 2018
- An tAcht Meabhair-Shláinte (Orduithe Athnuachana) 2018
- An tAcht um Chartlann Náisiúnta (Leasú) 2018

- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2018
- An tAcht Sláinte Poiblí (Alcól) 2018
- An tAcht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Aois Scoir) 2018
- An tAcht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Leasú) 2018
- An tAcht um Chosaint Raideolaíoch (Leasú) 2018
- An tAcht um Thrácht ar Bhóithre (Leasú) 2018
- An tAcht Leasa Shóisialaigh, Pinsean agus Cláraithe Shibhialta 2018
- Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta 2018
- An tAcht Seirbhísí Teileachumarsáide (Duchtra agus Cáblaí) 2018
- An tAcht um Shonraí Clárúcháin Feithicle (Cuardach agus Malartú Uathoibrithe) 2018

Iarscríbhinn C

Billí Comhaltaí Príobháideacha a achtaíodh sa bhliain 2018

- An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí (Gnólachtaí Seirbhísithe Creidmheasa a Rialáil) 2018
- An tAcht um Dhífheistiú Breosla Iontaise 2018
- An tAcht Deochanna Meisciúla (Leasú) 2018
- An tAcht Deochanna Meisciúla (Grúdlanna agus Drioglanna) 2018
- An tAcht Meabhair-Shláinte (Leasú) 2018

Iarscríbhinn D

Oifig an Ard-Aighne

Vóta 3: Oifig Shráid Mhuirfean

Toradh 2018 agus Meastachán do na blianta 2018 agus 2019

Meastachán agus Toradh don bhliain 2018 agus Meastachán ar an méid is gá sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 le haghaidh thuarastail agus chaiteachais Oifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear deontas.

	An tSeirbhís	Soláthar Measta	Toradh	Soláthar Measta
		2018	2018	2019
		€000	€000	€000
	Riarachán			
A1	Tuarastail, Pá agus Liúntais	11,677	10,771	11,894
A2 (i)	Taisteal agus Cothú	176	249	210
A2 (ii)	Oiliúint agus Forbairt, agus Caiteachais Theagmhasacha	640	573	640
A2 (iii)	Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide	70	56	63
A2 (iv)	Trealamh Oifige agus Seirbhísí Seachtracha TF	590	761	590
A2 (v)	Caiteachais Áitribh Oifige	160	100	160
A2 (vi)	Seirbhísí Sainchomhairleoireachta agus Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead	50	28	43
A2 (vii)	Saineolas Dlí ar Conradh	300	178	280
	Fo-iomlán	**13,663**	**12,716**	**13,880**
	Seirbhísí eile			
A3	Ranníocaíochtaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta	38	39	39
A4	An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí (Deontas i gCabhair)	2,280	2,008	2,295
A5	Caiteachais Ghinearálta Dlí	140	72	139
	Iomlán Comhlán	**16,121**	**14,835**	**16,353**
	Le hAsbhaint			
B	Leithreasaí-i-gCabhair	(799)	(649)	(761)
	Iomlán Glan	**15,322**	**14,186**	**15,592**

Vóta 6: Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Toradh Sealadach don bhliain 2018 agus Meastachán do na blianta 2018 agus 2019

Meastachán agus Toradh don bhliain 2018 agus Meastachán ar an méid is gá sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 le haghaidh thuarastail agus chaiteachais Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

	An tSeirbhís	Soláthar Measta	An Toradh Sealadach	Soláthar Measta
		2018	2018	2019
		€000	€000	€000
	Riarachán			
A1	Tuarastail, Pá agus Liúntais	17,371	16,591	18,113
A2(ii)	Taisteal agus Cothú	70	97	70
A2(iii)	Oiliúint agus Forbairt, agus Caiteachais Theagmhasacha	813	971	983
A2(iv)	Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide	350	310	330
A2(v)	Innealra Oifige agus Soláthairtí Oifige eile agus Seirbhísí Gaolmhara	750	656	750
A2(vi)	Caiteachais Áitribh Oifige	275	123	275
A2(vii)	Seirbhísí Sainchomhairleoireachta agus Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead agus ar Bheartas	50	17	50
	Fo-iomlán	**19,679**	**18,299**	**20,571**
	Seirbhísí eile			
A3	Seirbhísí Seachtracha Dlí	200	220	200
A4	Táillí d'Abhcóidí	13,500	13,971	13,500
A5	Caiteachais Ghinearálta Dlí	1,400	1,025	1,300
	Iomlán Comhlán	**33,668**	**33,982**	**35,571**
	Le hAsbhaint			
B	Leithreasaí-i-gCabhair	1,084	1,374	955
	Iomlán Glan	**32,340**	**32,658**	**34,615**

Iarscríbhinn E

Oifig an Ard-Aighne (Oifig Shráid Mhuirfean)

Ráiteas maidir le Comhlíonadh an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 agus maidir le Comhlíonadh Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002

Comhlíonann íocaíochtaí ábhartha a rinne an Oifig seo téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997, arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002.

Rinneadh treoirlínte a cuireadh i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonfaí an tAcht a scaipeadh ar an bhfoireann go léir in mí Eanáir 1998, agus cuireadh an fhoireann ar an eolas freisin faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 nuair a tháinig siad i bhfeidhm ar an 7 Lúnasa 2002. Is é is aidhm do na treoirlínte sin ná imréiteach pras sonrasc a éascú agus cosc a chur ar thabhú íocaíochtaí pionós úis nó cúitimh. Ina theannta sin, déantar faireachán go tráthrialta ar nósanna imeachta airgeadais atá i bhfeidhm san Oifig chun a chinntiú go bhfuil an reachtaíocht á comhlíonadh.

Is iad seo a leanas na príomhnósanna imeachta atá i bhfeidhm:

- Mura rud é go gcomhaontaítear a mhalairt trí chonradh i scríbhinn, tá feidhm ag an spriocam 30 lá i leith íoc pras maidir le gach íocaíocht. Ón 15 Meitheamh 2009 ar aghaidh, tá sé d'oibleagáid ar na Ranna Rialtais go léir gach soláthraí a íoc laistigh de 15 lá ón tráth a bhfaightear sonrasc bailí, agus ní mór dóibh tiomantas a thabhairt ina leith sin, cé go bhfuil feidhm fós ag an teorainn 30 lá i ndáil le hús íocaíochtaí prasa a íoc.
- Iarrtar ar an bhfoireann a chinntiú go ndéantar sonraisc a dhíriú chuig duine ainmnithe le linn orduithe a dhéanamh le haghaidh earraí agus seirbhísí, rud a sheachnóidh moill maidir le teacht ar an duine a rinne an t-ordú chun críocha deimhniúcháin.
- Cuirtear gach sonrasc ar aghaidh go dtí an tAonad Airgeadais agus cuirtear dátstampa orthu an tráth a bhfaightear iad. Is é an dáta sin an dáta óna ndéantar an tréimhse íocaíochta fhorordaithe a ríomh.
- Déanann an fhoireann san Aonad Airgeadais na sonraisc go léir a fhaightear a scanadh isteach sa Chóras Bainistíochta Airgeadais nuair a fhaightear iad san Aonad Airgeadais.
- Nuair a bheidh na hearraí nó an tseirbhís dá dtagraítear sa sonrasc faighte ag an Oifig, deimhneoidh an tAonad ábhartha go bhfuil an sonrasc in ord le haghaidh íocaíochta trí fhógra á rá go bhfuil na hearraí faighte a ghiniúint sa Chóras Bainistíochta Airgeadais. A luaithe a bheidh an próiseas maidir le hearraí a bheith faighte curtha i gcrích, féadfaidh baill foirne an Aonaid Airgeadais dul ar aghaidh agus an sonrasc a íoc.
- I gcás nach mbeidh an tAonad ábhartha in ann fógra faoi earraí a bheith faighte a

ghiniúint mar gheall ar ordú neamhiomlán, ar neamhsholáthar na seirbhíse iomláine, etc., is ceart an tAonad Airgeadais a chur ar an eolas ina leith sin agus ní thosóidh an tréimhse 30 lá go dtí go ndéanfar na hearraí nó an tseirbhís a sholáthar don Oifig ina n-iomláine/hiomláine.

- Tá sé curtha in iúl don fhoireann gur gá fógra á rá go bhfuil na hearraí faighte a ghiniúint a luaithe a bheidh na hearraí nó an tseirbhís faighte ag an Oifig nó a chur in iúl don Aonad Airgeadais nach bhfuil siad in ann an fógra sin a ghiniúint maidir le sonrasc ar leith. Is ceart socruithe a dhéanamh chun a chinntiú nach é baill foirne a bheith ar saoire etc. is cúis le moill a chur ar phróiseas giniúna an fhógra á rá go bhfuil earraí faighte.
- Más gá sonrasc a cheartú nó má tá díospóid ann faoi, déantar de réir na nósanna imeachta atá sonraithe san Acht. Cuireann an tAonad Airgeadais na nósanna imeachta sin i bhfeidhm, agus déantar taifead i scríbhinn ar na nósanna imeachta a chuirtear i bhfeidhm.
- Déanann an fhoireann san Aonad Airgeadais faireachán ar dháta dlite na híocaíochta agus féachann siad lena chinntiú go ndéantar an íocaíocht laistigh den tréimhse fhorordaithe. I gcás ina ndéantar íocaíocht lasmuigh den tréimhse ama fhorordaithe, ríomhfaidh an tAonad Airgeadais ús de réir an Achta agus na Rialachán.
- Tugann an Córas Bainistíochta Airgeadais leideanna don fhoireann san Aonad Airgeadais faoi dháta dlite na híocaíochta.

Tuarascáil faoi Chleachtais Íocaíochta don bhliain 2018

Oifig an Ard-Aighne, Sráid Mhuirfean

Ginearálta

- Chomhlíon íocaíochtaí ábhartha a rinne OOA téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997, arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002.

Íocaíochtaí Déanacha

- Rinneadh íocaíochtaí iomlána €1,945,389 sa bhliain 2018 ó Vóta Oifig an Ard-Aighne i leith íocaíochtaí a bhfuil feidhm ag an reachtaíocht maidir leo.

- Níor tabhaíodh aon íocaíochtaí úis um íoc pras i rith na bliana.

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Ráiteas maidir le Comhlíonadh an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 agus maidir le Comhlíonadh Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002

Rinneadh treoirlínte a cuireadh i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonfaí an Achta a scaipeadh ar an bhfoireann go léir in mí Eanáir 1998, agus cuireadh an fhoireann ar an eolas freisin faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 nuair a tháinig siad i bhfeidhm ar an 7 Lúnasa 2002. Is é is aidhm do na treoirlínte sin ná imréiteach pras sonrasc a éascú agus cosc a chur ar thabhú íocaíochtaí pionós úis. Ina theannta sin, déantar faireachán go tráthrialta ar nósanna imeachta airgeadais atá i bhfeidhm san Oifig.

Is iad seo a leanas na príomhnósanna imeachta atá i bhfeidhm:

- Mura rud é go gcomhaontaítear a mhalairt trí chomhaontú i scríbhinn, tá feidhm ag an spriocam 30 lá i leith íoc pras maidir le gach íocaíocht.
- Cuirtear gach sonrasc ar aghaidh go díreach go dtí an Rannóg Airgeadais agus Cuntas áit a gcuirtear dátstampa orthu. Is é an dáta sin an dáta óna ndéantar an tréimhse íocaíochta fhorordaithe a ríomh.
- Déanann foireann na Rannóige Airgeadais agus Cuntas sonraisc ghinearálta a scanadh isteach sa Chóras Bainistíochta Airgeadais trí úsáid a bhaint as an mBainisteoir Sonrasc agus déantar an próiseas ceadaithe sonrasc go leictreonach. Déantar sonraisc Dlí Ghinearálta a ionchur sa Chóras Bainistíochta Airgeadais agus cuirtear ar aghaidh chuig na láimhseálaithe iomchuí comhaid iad lena gceadú.
- Tá an fhoireann curtha ar an eolas gur ceart gach sonrasc a dheimhniú i gcomhair íocaíochta agus a sheoladh ar aghaidh chuig an Rannóg Airgeadais agus Cuntas láithreach nuair a fhaightear iad. Is ceart socruithe a dhéanamh chun a chinntiú nach é baill foirne a bheith ar saoire etc. is cúis le moill a chur ar shonraisc.
- Más gá sonrasc a cheartú nó má tá díospóid ann faoi, déantar de réir na nósanna imeachta atá sonraithe san Acht. Cuireann an Rannóg Airgeadais agus Cuntas na nósanna imeachta sin i bhfeidhm, agus déantar taifead i scríbhinn ar na nósanna imeachta a chuirtear i bhfeidhm.
- Déanann an fhoireann sa Rannóg Airgeadais agus Cuntas faireachán ar dháta dlite na híocaíochta agus féachann siad lena chinntiú go ndéantar an íocaíocht laistigh den tréimhse fhorordaithe. I gcás ina ndéantar íocaíocht lasmuigh den tréimhse ama fhorordaithe, déantar an t-ús a ríomh go huathoibríoch sa Chóras Bainistíochta Airgeadais agus déanann an Rannóg Airgeadais agus Cuntas seiceáil de láimh air sin de réir an Achta agus na Rialachán.

Tuarascáil faoi Chleachtais Íocaíochta don bhliain 2018
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Tá feidhm ag téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997, arna leasú ag Rialachán na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002, maidir le híocaíochtaí arna ndéanamh ag an Oifig seo, nó thar a ceann, gan an párolla agus caiteachais áirithe eile de chuid na hOifige a áireamh.

Maidir leis an líon beag cásanna ar ina leith nach ndéantar íocaíochtaí laistigh den tréimhse reachtúil, déantar na híocaíochtaí úis cuí.

Íocaíochtaí a raibh feidhm ag Íocaíochtaí Prasa maidir leo ó Eanáir go Nollaig 2018

Luach Iomlán na nÍocaíochtaí ar fad	€2,818,175.15
Luach Iomlán na n-íocaíochtaí déanacha ar fad (faoi bhun €320 go huile)	€4,045.61
Luach Iomlán na n-íocaíochtaí déanacha ar fad (os cionn €320)	€41,223.10
Luach na n-íocaíochtaí déanacha mar % de na híocaíochtaí ar fad	1.61%
An líon íocaíochtaí déanacha de bhreis ar €320	35
An méid úis a íocadh	€4,968.10
An méid úis mar % de na híocaíochtaí ar fad	0.12%
Léiriú ginearálta ar Fhad Ama na Moilleanna	105 lá

Iarscríbhinn F

Miondealú Foirne

De réir mar a bhí ag deireadh na bliana 2018, seo a leanas forléargas ar an miondealú foirne agus an comhdhéanamh ó thaobh inscne de i gcás Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ina n-iomláine, agus léiriú á thabhairt ar an líon foirne sa ghrád lena mbaineann agus ar an gcéatadán den ghrád sin:

	Fir	Mná
Ard-Rúnaí*	1 (33%)	2 (66%)
Leas-Ardstiúrthóir	1 (100%)	0 (0%)
Rúnaí Cúnta	4 (31%)	9 (69%)
Príomhoifigeach	21.8 (41%)	31 (59%)
Príomhoifigeach Cúnta	62 (38%)	99.65 (62%)
Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin	13.8 (44%)	17.4 (56%)
Oifigeach Riaracháin	0 (0%)	1 (100%)
Oifigeach Feidhmiúcháin	8 (21%)	29.35 (79%)
Oifigeach Foirne	3.8 (44%)	4.8 (56%)
Oifigeach Cléireachais	17 (26%)	47.65 (74%)
Oifigeach Cléireachais Sealadach	4 (50%)	4 (50%)
Oifigeach Seirbhísí	4 (100%)	0 (0%)

* Gan iar-Phríomhdhréachtóir Parlaiminte atá fós ag fónamh san Oifig a áireamh